An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

## Socruithe athbhreithnithe maidir le Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích

## Meán Fómhair 2025

## Cohórt Scoláirí 2023 – 2026 (an scoláire sa tríú bliain in 2025/2026)

Mar gheall ar thionchar dhúnadh na scoileanna agus na tréimhsí foghlama a cuireadh as riocht de bharr na paindéime Covid-19, tugadh isteach socruithe athbhreithnithe maidir le measúnuithe rangbhunaithe a chur i gcrích.

Mar a fógraíodh i mí Aibreáin 2024, beidh na socruithe athbhreithnithe seo a leanas i bhfeidhm do scoláirí sa tríú bliain sa scoilbhliain 2025/26.

- Beidh íosmhéid de Mheasúnú Rangbhunaithe amháin le cur i gcrích ag gach scoláire i ngach ábhar agus Measúnú Rangbhunaithe amháin i ngach gearrchúrsa. Ní bheidh Tascanna Measúnaithe le déanamh ag scoláirí ón gcohórt sin.
- Is faoi na scoileanna atá sé, cinneadh a dhéanamh cibé Measúnú Rangbhunaithe amháin nó dhá Mheasúnú Rangbhunaithe a dhéanamh i ngach ábhar.
- Mar sin féin, beidh roinnt eisceachtaí ag baint leis na roghanna a dhéanfaidh na scoileanna:
    - chun a chinntiú go ndéanfar measúnú ar scileanna cumarsáide ó bhéal, ní mór do na scoláirí Measúnú Rangbhunaithe 1: Cumarsáid ó Bhéal sna Nuatheangacha Iasachta a chomhlánú mar aon le Measúnú Rangbhunaithe 2: Ag idirghníomhú trí Ghaeilge
    - toisc go bhfuil siad ceangailte i ngach cás leis an scrúdú deiridh san ábhar, ní mór do na scoláirí atá i mbun staidéir ar Amharc-ealaín, Eacnamaíocht Bhaile, Ceol, Teicneolaíocht Fheidhmeach, Innealtóireacht, Grafaicí agus Teicneolaíocht Adhmaid Measúnú Rangbhunaithe 2 a dhéanamh.
- San Amharc-Ealaín, de ghnáth ní mór Measúnú Rangbhunaithe amháin a chur i láthair in 3T. Tarscaoiltear an riachtanas sin i gcás scoláire sa tríú bliain in 2025/26.
- Sa Corpoideachais, caithfidh an scoláire sa tríú bliain in 2025/26 íosmhéid de Mheasúnú Rangbhunaithe amháin a chur i gcrích.

Tabhair faoi deara le do thoil, go bhfuil an dáta deiridh le haghaidh chur i gcrích MRB1 i ngach ábhar, i mí na Bealtaine 2025, caite anois.

## Cohórt Scoláirí 2023 – 2026 (an scoláire sa tríú bliain in 2025/2026)

### Measúnú Rangbhunaithe 2 sa Teicneolaíocht Fheidhmeach, Innealtóireacht, Grafaic agus Teicneolaíocht Adhmaid[1] (riachtanach)

| | |
|---|---|
| An dáta deiridh chun é a chur i gcrích | Dé hAoine, 3 Deireadh Fómhair, 2025 |
| An dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí sealadacha | Dé hAoine, 10 Deireadh Fómhair, 2025 |
| An dáta deiridh chun an tAthbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a chur i gcrích agus an dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí deiridh | Dé hAoine, 17 Deireadh Fómhair, 2025 |

### Measúnú Rangbhunaithe 2 san Amharc-ealaín

| | |
|---|---|
| An dáta deiridh chun é a chur i gcrích | Dé hAoine, 14 Samhain, 2025 |
| An dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí sealadacha | Dé hAoine, 21 Samhain, 2025 |
| An dáta deiridh chun an tAthbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a chur i gcrích agus an dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí deiridh | Dé hAoine, 28 Samhain, 2025 |

### Measúnú Rangbhunaithe 2 i nGaeilge, Eacnamaíocht Bhaile, Ceol

| | |
|---|---|
| An dáta deiridh chun é a chur i gcrích | Dé hAoine, 6 Márta, 2026 |
| An dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí sealadacha | Dé Luain, 23 Márta, 2026 |
| An dáta deiridh chun an tAthbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a chur i gcrích agus an dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí deiridh | Dé hAoine, 27 Márta, 2026 |

### Measúnú Rangbhunaithe 2 i mBéarla, Eolaíocht, Staidéar Gnó, Nuatheangacha Iasachta, Matamaitic, Stair, Tíreolaíocht, Léann Clasaiceach, Oideachas Reiligiúin, Staidéar Giúdach

| | |
|---|---|
| An dáta deiridh chun é a chur i gcrích | Déardaoin, 12 Márta, 2026 |
| An dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí sealadacha | Dé Luain, 23 Márta, 2026 |
| An dáta deiridh chun an tAthbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a chur i gcrích agus an dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí deiridh | Dé hAoine, 27 Márta, 2026 |

### Measúnú Rangbhunaithe 2 sa Chorpoideachais

| | |
|---|---|
| An dáta deiridh chun é a chur i gcrích | Dé hAoine, 1 Bealtaine, 2026 |
| An dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí sealadacha | Dé Luain, 11 Bealtaine, 2026 |
| An dáta deiridh chun an tAthbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a chur i gcrích agus an dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí deiridh | Dé hAoine, 15 Bealtaine, 2026 |

[1] Eiseofar treoir nó cáipéis tionscadail ábhartha d'ábhair a bhaineann le teicneolaíochtaí láithreach i ndiaidh an dáta a chuirfear MRB2 i gcrích.

## Cohórt Scoláirí 2024 – 2027 (an scoláire sa dara bliain in 2025/2026)

Tá an tréimhse ama ina bhféadfaidh scoileanna na Measúnuithe Rangbhunaithe (MRBanna) agus an t-Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMA) a sceidealú tugtha thíos. Ba chóir na Measúnuithe Rangbhunaithe a chríochnú laistigh den tréimhse shonraithe (m.sh. 3 seachtaine, 4 seachtaine) mar atá leagtha amach i dTreoirlínte Measúnaithe gach ábhar. Ba chóir an t-Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a dhéanamh tráth nach mó ná mí i ndiaidh chríochnú an MRB.

### Measúnú Rangbhunaithe 1 i ngach ábhar

| | |
|---|---|
| Tréimhse ina bhfuil sé le cur i gcrích | Dé Luain, 3 Samhain, 2025 – Dé hAoine, 8 Bealtaine, 2026 |
| An dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí sealadacha | Dé Céadaoin, 13 Bealtaine, 2026 |
| An dáta deiridh chun an tAthbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a chur i gcrích agus an dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí deiridh | Dé Céadaoin, 20 Bealtaine, 2026 |

### Chun tuilleadh eolais a fháil, féach ar Nótaí Faisnéise TC 004/2025 agus TC 0006/2024 (Roinn Oideachais) agus Litreacha Ciorcláin na Roinne Oideachais 0028/2023 agus 0015/2023

### Féach chomh maith an Chomhairle maidir le measúnuithe rangbhunaithe a sceidealú sa tSraith Shóisearach

Chomhairle maidir le measúnuithe rangbhunaithe a sceidealú sa tSraith Shóisearach